



**BLIAIN NA  
GAELIGE SHONA  
DAOIBH!**

**TAOBH ISTIGH:**

Ceacht beag	2
Crosa Bhríde san IBI	2
Scéal grinn	3
Sean-Nós agus amhránaíocht	3
An mbeidh “ceann eile” agat?	4
Aindrias Mac Donnchadha	5
Cór Duibhlinne	5
Seán Ó Dhonnabháin, Logainmneacha	6
Imbolc agus Naomh Brid	7
Na Néandartálaigh - II	8
“An uair is dorcha”	9
Crosfhocal & Cuardach focal	10
An tlonradh Dearmadata?	11
An Spáinnis i Meicsiceo	12



# AN TAOBH Ó THUaidH

agus ar fud na cathrach

*Ná labhair faoi ach déan é*

IMLEABHAR 5 EAGRÁN I

Eanáir - Feabhra 2018

## ACHT GAELIGE ANOIS!

Tá teipthe ar Shinn Féin agus ar an bPáirtí Aontachtach Oifigiúil (DUP) teacht ar chomhaontú faoi Thionól Thuaisceart Éireann a athbhunú. De réir na dtuairiscí ba í fadhb “Acht na Gaeilge” an cnámh spairne sna cainteanna. Tá polaiteoirí, iriseoirí agus daoine eile ag tabhairt leideanna os íseal agus go hard nárbh fhiú Acht na Gaeilge i gcomparáid le hathbhunú an Tionóil. Níl sé soiléir nach bhfuil roinnt daoine in SF den tuairim chéanna! Deir Arlene Foster nach bhfuil sí sásta Acht na Gaeilge a thabhairt isteach coíche. Tá sé in am fáil réidh leis an DUP maidir leis an gceist sin. Ní féidir réiteach a dhéanamh leo ach

trí ghéilleadh iomlán. Ní ceart go mbeadh an cheist sin á plé in aon chorr. I gComhaontú Chill Rìmhinn, 13 Deireadh Fómhair 2006, d’aontaigh rialtas na Ríochta Aontaithe “go dtabharfaidh an Rialtas Acht Teanga Gaeilge isteach a léireoidh taithí na Breataine Bige agus na hÉireann”. Acht Teanga Gaeilge amháin a luadh agus tá sé in am a



ghealltanas a chomhlíonadh, tar éis do Ghaeilgeoirí fanacht 12 bhliain. Is fíor nach raibh na focail sin le feiceáil sa “*Northern Ireland (St Andrew’s Agreement) Act 2006*” a reachtaíodh i bParlaimint. Ní dúirt SF ná rialtas na Poblachta aon rud faoin gcúlú seo ag an am. Bualadh bob orthu. Táimid ag smaoineamh ar bhlianta na réabhlóide faoi láthair. B’fhéidir go mbeimid ag caint faoi Choimisiún na Teorann (Boundary Commission) a gheall na Sasanaigh i gConradh 1921. Dhiúltaigh na Dílseoirí orlach a ghéilleadh agus sa deireadh ghéill an Saorstát go hiomlán agus fágadh na céadta míle náisiúnaí i Stát nach raibh ag teastáil uathu. Ní ceart dúinn an botún céanna a dhéanamh arís. Ba cheart do Leo Varadkar stocáí “*Dearg le Fearg*” a chur air féin agus brú a chur ar rialtas na RA Acht na Gaeilge a thabhairt isteach i bParlaimint Westminster. Mura ndéanfaí é sin ba cheart a thuiscint go bhfuil conradh eile le hÉirinn briste ag Seán Buí. B’fhéidir gur cheart do rialtas na hÉireann scrúdú béil sa Ghaeilge a éileamh ó aon duine a bheidh ag iarraidh Pas Éireannach. Deirtear go bhfuil a lán acu á lorg ag muintir an Tuaiscirt aimsir seo na Breatimeachta!

## CEACHT BEAG GAELIGE: RÉAMHFHOCAL SIMPLÍ - 4: "IDIR"



Leanann séimhiú "idir (both)" nuair a bhíonn "ar aon" nó liosta i gceist:

bhí idir bheag agus mhór ann - both small and big were there

ACH ní shéimhítear ainmfhocal tar éis is/agus má thosaíonn sé le d, s nó t:

idir shúgradh is dáiríre - half in jest, half in earnest

Ní leanann séimhiú "idir" nuair a bhíonn "eatarthu (between)", spás nó am i gceist:

idir bás is beatha - between life and death

bealach idir Cill Easra agus Fionnradharc - route between Killester and Fairview

## CROS BHRÍDE

Pádraig Mac Éil

Bhíodh traidisiúin éagsúla ag baint le Lá Fhéile Bríde fadó. Oíche (eve) na Féile (31 Eanáir, ar ar tugadh Oíche na gCros) d'iompródh buachaillí óga ("brídeoga") loine (churn-dash) i.e. cuaille lena mhaistrítí (churned) bainne chun im a dhéanamh. Bhíodh an loine gléasta mar bhean, samhail Bhríde agus théidís ó dhoras go doras ag iarraidh déirce nó bronntanas. D'fhágadh na brídeoga bearta luachra (rushes) nó bearta tuí (straw) lasmuigh de na doirse freisin. Ag titim na hoíche bhailíodh cailíní óga iad (na bearta, ní na buachaillí!) agus, tar éis cead isteach sa teach a fháil in ainm Bhríde, théidís isteach agus dhéanadís Crosa (nó Crosóga nó Bogha) Bhríde. Chuirí na crosa nua sa díon agus os cionn an dorais chun an teach a chosaint ó thine agus ó gach olc agus dhóití na sean chinn. Ceaptar go dtéann nós na gcros siar go dtí an tréimhse réamh-Chríostaí sa tír. Tá crosa de shaghsanna éagsúla le feiceáil ar sean-chlocha timpeall na tíre.

Ní dóigh liom go mbíonn brídeoga ag dul timpeall fós ach déantar na crosa go fóill. D'eagair Tadhg Ó Cruadhlaoidh, saineolaí ar Chrosa Bhríde, saotharlann san Ionad Buail Isteach (Connolly Books, Sráid Essex Thoir) an Aoine, 2 Feabhra, agus mhúin sé dúinn go foighneach conas na crosa a dhéanamh. Bhailigh sé an luachair dúinn (an gciallaíonn sin gur brídeog é?!) agus chabhraigh sé linn ealaíon na gcros a fhoghlaim. Rinne mé mo dhícheall cros a dhéanamh. Bhí mé mall agus ciotach (clumsy). B'fhéidir go bhfuil mo lámha rómhór don obair íogair (delicate) seo cé gur fhíodóirí cuid de mo shinsear. I ndeireadh na dála d'éirigh liom Cros Bhríde a chríochnú. Bhí mé an-shásta liom féin ach gabhann uabhar roimh thubaiste (pride comes before a fall). Chuir mé an chros i mála agus nuair a shroich mé mo theach bhí sí tite as a chéile. Ar a laghad tá an luachair fós agam! Bainfidh mé feidhm as sárghliú (superglue) an bhliain seo chugainn.

Tá taispeántas *Powerpoint* faoi Naomh Bríd le fáil ó Fhoras na Gaeilge. Scríobh "Lá Fhéile Bríde Foras na Gaeilge" isteach i gcuardach *Google* chun teacht air. Tá cur síos mionsonraithe (detailed), le léaráidí beachta

## An Máistir Tadhg Ó Cruadhlaoidh agus beirt phrintíseach



## SCÉAL GRINN NA MÍOSA

D'oscail luibhlia, ionad sláinte agus chuir sí fógra taobh amuigh “€30 ar gach cóireáil agus €150 ar ais má theipeann orm tú a leigheas”. Chonaic dlíodóir, an ráiteas sin agus cheap sé gur dheis mhaith dó airgead a fháil gan mórán dua é. Chuaigh sé isteach sa chlinic. “Tá mo bhlaiseadh caillte agam”, a dúirt sé leis an luibhlia. Thug sise ordú dá altra posóid speisialta uimhir 16 a fháil ón gcuiseoir agus chuir sí dhá bhraon de i mbéal an dlíodóra. “Ugh, is ceirisín é seo”, ar seisean. “Maith an fear, tá an ceart agat. Tá do bhlaiseadh ar ais agat, sin €30 le do thoil” arsa an luibhlia. Bhí an dlíodóir spréachta leis féin. D’fhill sé cúpla lá ina dhiaidh sin agus dúirt sé leis an luibhlia go raibh a chuimhne caillte aige. “Faigh posóid speisialta uimhir 16 ón gcuiseoir”, a d’ordaigh sí dá altra. Chuir sí trí bhraon i mbéal an dlíodóra. “Ugh, is ceirisín é seo”, a scread sé agus fearg air, “thug tú an phosóid seo dom an t-am deireanach chun mo bhlaiseadh a leigheas”. “Comhghairdeas leat”, d’fhreagair sí “tá do chuimhne ar ais, tabhair €30 dom le do thoil.” D’íoc an dlíodóir an t-airgead go míbhéasach agus é ar deargbhuile. Tháinig sé ar ais i gceann coicíse agus dúirt sé, “tá laige tar éis teacht ar mo radharc, ní féidir liom mórán a fheiceáil”. “Mo bhrón! Is oth liom a rá nach bhfuil aon phosóid speisialta agam do ghalar mar sin” arsa an luibhlia, “dá bharr sin seo €150 duit mar a gheallann m’fhógra” agus chuir sí nótaí i lámh an dlíodóra. D’fhéach seisean ar na nótaí. “Níl ach €40 anseo agus ní €150”, a dúirt sé. “Mo ghraidhin go deo thú. Tá tú leigheasta. Tabhair an €40 a thug mé duit ar ais dom agus €30 eile don leigheas”!



### Foclóirín

d’oscail sí - **she opened**; luibhlia - **herbalist**; ionad beag sláinte - **small health centre**; fógra - **notice**; cóireáil - **treatment**; má theipeann orm - **if I fail**; a leigheas - **to cure**; chonaic - **saw**; dlíodóir - **lawyer**; ráiteas - **statement**; deis - **opportunity**; mórán - **much**; gan dua - **without effort** boladh - **sense of smell**; caillte - **lost**; dá altra - **to her nurse**; posóid - **concoction**; fáil - **get**; cuisneoir - **refrigerator**; braon - **drop**; ceirisín - **kerosene**; maith an fear! - **good man!**; tá an ceart agat - **you are correct**; ar ais - **back**; spréachta leis féin - **annoyed with himself**; d’fhill sé - **he returned**; ina dhiaidh - **after**; cuimhne - **memory**; faigh - **get**; scread - **scream**; fearg - **anger**; deireanach - **last**; comhghairdis leat! - **congratulations!**; d’íoc - **paid**; an t-airgead - **the money**; go míbhéasach - **ill-manneredly**; ar deargbhuile - **raging mad**; tháinig sé - **he came**; i gceann coicíse - **in a fortnight’s time**; laige - **weakness**; tar éis - **after**; radharc - **sight**; ní féidir liom - **I cannot**; a fheiceáil - **to see**; mo bhrón! - **alas!**; is oth liom - **I regret**; aon - **any**; galar - **disease**; mar sin - **like that**; dá bharr sin - **because of that**; geallann - **promises**; lámh - **hand**; d’fhéach - **looked**; mo ghraidhin go deo thú! - **bravo**; leigheasta - **cured**;

**Nóta:** Amhránaíocht ar an Sean-Nós agus ceol traidisiúnta le hAntaine Ó Faracháin agus Nollaig Mac Cárthaigh  
Lárleabharlann (Leabharlann Cheoil), Ionad Siopadóireachta ILAC  
Dé Luain, 12 Márta, 1 pm





## AN mBEIDH “CEANN EILE” AGAT?

Antóin Ó Seaghdha

Bhíos ag smaoinemh ar an “ól” cúpla oíche ó shin agus gloine uisce beatha te i mo lámh agam. Bhí slaghdán ag teacht orm (**coming down with**) agus ní raibh aon ‘*Vick*’ sa teach. Thosaigh mé ag ól nuair a tháinig mé ar an saol seo agus ní hé sin inniu ná inné, ach níor bhaineas triail as an alcól go dtí go rabhas bliain is fiche d’aois. Blianta ó shin ag am ‘Lámh an Easpaig’ (**Confirmation**), thóg daoine an ‘Gealltanais’ (**Pledge**) agus b’fhéidir go bhfuil an nós fós i bhfeidhm. Tá súil agam go bhfuil.



Is cuimhin liom go maith mo chéad deoch, níos mó ná caoga bliain ó shin. Ba é ‘*Double Diamond*’ a d’ól mé agus mhúch sé an tart a bhí orm tar éis lae sa phortach. Do go leor daoine, is “baile eile” é an teach tábhairne. Nuair a fheiceann tú an chéad phionta á líonadh agus tart mór ort, tá sé cosúil le lá gréine agus tú ar an trá. Tar éis cúpla pionta, is féidir leat do thuairimí a leathnú ar ábhair nach bhfuil mórán taithí agat orthu agus de ghnáth, aontaíonn do ‘cairde’ leis an méid atá le rá agat. Ní tharlaíonn sé sin sa bhaile, mar atá fhios ag beagnach gach fear pósta.



Cad iad na tithe tábhairne ab ansa liomsa? Is fearr liom na cinn gan ceol glórach, gan teilifíseán, agus le pionta dubh agus bán a líontar (is poured) ag an luas ceart, ceann nach gcuirtear brú ort nuair a bhíonn sé in am dul amach san oíche, ach a deirtear, “*an mbeidh ‘ceann beag’ (small whiskey) agat i gcomhair an bhóthair?*”. Is maith liom suí isteach sa

chúláisean (**snug**) go luath sa tráthnóna mar is féidir liom ‘suaimhneas an lae’ a bheith agam chun an crosfhocal a chríochnú, nó scéal beag a scríobh don *Taobh Ó Thuaidh*. Ní fheicfeadh do chomharsana thú ach oiread, mar sin ní bheadh siad in ann scéal a scaipeadh ag rá, “*chonaic mé mo dhuine sa teach tábhairne arís inniu, an ndéanann sé aon rud eile?*”.



I mBaile Átha Cliath, ag críochnú Chluiche Ceannais na hÉireann, tugaimid aghaidh ar Stáisiún Heuston agus bíonn an deoch dheireanach againn i dteach tábhairne Uí Riain i Sráid Gheata na Páirce. Tá an bia agus an deoch ann go han-mhaith agus tá freastalaí le Gaeilge

*Palace Bar*.. Sráid na Toinne

*Sandyford House*.. Áth an Ghainimh

*Long Hall*....Sráid Sheoirse Mhór Theas *Ryan's*.....Sráid Gheata na Páirce

*The Gingerman*...Sráid na bhFíiníní

*Fagan's*.....Bóthar Dhroim Conrach Íocht.

*Mulligan's*....Sráid an Phoill Bhig

*Kennedy's*.. Rae an Iarthair

*Kehoes*....Sráid Anna Theas

*An Cúl Doras*..CLG Cluain Tarbh

*Dunphy's*..... Dún Laoghaire

*The Confession Box*.. Sráid Mhaoilbhríde

ann. Ní gá duit mórán eile. Nuair a éireoidh tú braon de Barra an Teampaill, téigh amach go Fagan's ar Bhóthar Dhroim Conrach Íochtarach mar a bhfuil an comhlúadar agus an pionta go maith.

Seo a leanas an dá theach tábhairne dhéag is ansa liomsa i mBaile Átha Cliath:

## AINDRIAS MAC DONNCHADHA

Noel Ó Cléirigh

Thugas cuairt ar Isle Sainte Marguerite cúpla míle amach ó Cannes (Rivéara na Fraince) anuraidh. Tá príosún mór seanda (Fort Royal) suite ar an oileán sin agus ba ann a bhí príosúnach cáiliúil i ngéibheann ó 1687-1698 in aimsir Rí Louis XIV na Fraince. Chaith an fear bocht seo maisc iarainn ar a cheann - “*Le Masque de Fer*”. Is iarsmalann stairiúil an príosún sa lá atá inniu ann agus Musée de la Mer ina aice. Bhí ionadh an domhain orm nuair a thaispeáin an coimeádaí (**custodian**) taispeántas eile dom a bhain le fear darbh ainm dó Aindrias Mac Donnchadha a rugadh i gContae Shligigh i nDeireadh Fómhair 1738.




Bhí uncail, oifigeach i Régiment de Dillon, le Mac Donnchadha ar deoraíocht sa Fhrainc agus nuair a bhí Aindrias ina dhéagóir d’imigh sé chuige agus bhí sé ina chaomhnóir (**guardian**) air go dtí gur imigh sé isteach i mBriogáid na hÉireann ansin mar dhalta airm (**military cadet**). D’éirigh go maith leis san arm. Cheannaigh a uncail teastas (**certificate**) dó mar foleifteanant i 1756. Ghlac sé páirt i gCogadh na Seacht mBliaina (1756-1763). Ceapadh é mar Chaptaen agus bronnadh an teideal Chevalier de l’Ordre Royal et Militaire de Saint-Louis air (*eagarthóir*: níl a ainm ar an liosta de Chevalier ar an idirlíon!).

Phós sé bean Éireannach darbh ainm Rós Pluincéid ach, faraor, ba phósadh tubaisteach é nuair a rinne deartháir a chéile feall air faoi uacht agus fuair sé barántas chun é a chur i bpríosún gan triail. Sa deireadh tharla sin agus i 1777 caitheadh isteach é sa phríosún céanna ar Isle Sainte Marguerite ina raibh cillín “*Le Masque de Fer*”. D’fhan sé ansin ar feadh dhá bhliain déag agus seacht mí.



I 1790, le linn Réabhlóid na Fraince, scaoileadh saor é agus d’aontaigh sé le Cuspóirí Poblachtacha Nua, *Liberté, Égalité, Fraternité*. Níorbh fhada go raibh sé páirteach in Airm na Réabhlóide mar Leifteanant Choirnéal.



## CÓR DUIBHLINNE

Nóirín Ní Nuadháin

Is cór do mhná é Cór Duibhlinne, a bunaíodh 27 bliain ó shin. Cleachtaimid gach seachtain in áras **Foras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, BAC 1**. Glacaimid páirt i gcomórtais agus i gcoirmeacha ceoil ag canadh le chéile i dtrí pháirt.



Tá an cór ag lorg ball nua do **Bhliain na Gaeilge!** Bualaimid le chéile gach Máirt, 8-10 pm, faoi stiúir Amy Ní Riain agus cuirimid tús leis an oíche le tae, brioscaí agus comhrá. Ná bí buartha faoi do chuid Gaeilge! Níl aon scrúdú i gceist!



## SEÁN Ó DHONNABHÁIN, LOGAINMNEACHA *Pádraig Ó Dhonnchú*

Ní féidir staid logainmneacha na hÉireann a thuiscint gan aird a thabhairt ar obair na **Suirbhéireachta Ordanáis** (*Ordnance Survey*) 1824 – 1840 agus go háirithe ar shaothar Sheáin Uí Dhonnabháin an scoláire Gaeilge ba mhó clú na linne sin. I dteannta lena chomhleacaithe bhí sé ag obair i Rannóg Topagrafaíochta na Suirbhéireachta Ordanáis. Bhí orthu plé le leaganacha



galldaithe (*anglicised forms*) éagsúla de na logainmneacha sna foinsí (*sources*) a bhí ar fáil dóibh d'fhonn teacht ar na foirmeacha b'oirúnaí le greanadh ar na léarscáileanna nua, sé sin na foirmeacha galldaithe ba chóngrarái agus ab fhéidir do na bunfhoirmeacha Gaeilge. Tá na foirmeacha béarlaithe de na logainmneacha ann inniu ar na léarscáileanna thoradh ar thaighde Uí Dhonnabháin agus a chomhleacaithe. Is suntasach go ndearna Ó Donnabháin iarracht foirmeacha Gaeilge bunúsacha na logainmneacha a fháil amach chun cabhrú leis san obair sin. Sin é an fáth go bhfuil doiciméid na Suirbhéireachta Ordanáis, go mórmhór na hAinmleabhair agus na Litreacha, chomh tábhachtach sin mar cabhraíonn siad linn teacht ar na bunfhoirmeacha Gaeilge (*original Irish forms*).

Sa Rannóg Topagrafaíochta baineadh foirmeacha éagsúla na logainmneacha as léarscáileanna, liostaí riaracháin (*administrative lists*) agus foinsí scríofa eile. Ina theannta sin chuaigh Ó Donnabháin agus a chomhleacaithe i gcomhairle le mionuaisle áitiúla (*local gentry*), daoine léannta, ministrí religiúin agus sagairt nuair a bhí siad ag obair sna paróistí éagsúla timpeall na tíre. Scríobh siad na leaganacha éagsúla agus údar gach leagain sna hAinmleabhair - bhí leabhar amháin ar a laghad le haghaidh gach paróiste dlí. Ansin socraíodh ar leagan amháin mar fhoirm chaighdeánach (*standard/official form*).

Is foinsí tábhachtacha eile iad inniu na Litreacha a scríobh Ó Donnabháin agus a chomhleacaithe le linn dóibh bheith 'ag obair sa ghort' timpeall na tíre. Tugann siad eolas breise dúinn, mar shampla, míreanna béaloidis agus staire i dtaobh na logainmneacha seachas gnéithe eile.

Is mór an trua nár socraíodh ar na foirmeacha Gaeilge le haghaidh greanadh ar na mapaí agus mar leaganacha oifigiúla i gcoitinne. Ní raibh an dara rogha ag Ó Donnabháin agus a chomhleacaithe, áfach, mar bhí siad ag fáil tuarastail (*salary*) ón tSuirbhéireacht Ordanáis faoi stiúiriú an Lt. Thomas Larcom le haghaidh sain-dhualgas (*specific obligation/duty*) a chomhlíonadh agus bhí Larcom freagrach don Mhaor Thomas Colby i Londain.

Bhí an Donnabhánach ag brath den chuid is mó ar fhoinsí ón 18ú agus ón 19ú haois agus uaireanta freisin ar na h-ionchoisní (*inquisitions*) ón 17ú haois. Is leor sin go minic i dteannta le fianaise ón gcaint ach nuair is doiléir brí logainmneacha is riachtanach leaganacha níos luaithe (agus uaireanta níos crunne) a chuardach sa stair. Dá n'uireasa (*without them*) rinne Ó Donnabháin dearmaid mhacánta anois is arís. Mar shampla, maidir le *Lambeg* / *Lann Bheag*, molann an Donnabhánach '*Lámh Beag*' mar an fhoirm Ghaeilge. Is cosúil nach raibh fhios aige go raibh leaganacha níos luaithe le fáil ar nós '*Lannbeg*'. Thar na blianta is amhlaidh gur aistríodh an fhuaim agus an litriú /nn/ sa siolla 'lann' i Lannbeg go /m/ roimh /b/ sa siolla 'beg' i bpróiseas teangeolaíochta (*linguistic process*) ar a dtugtar comhshamhlú (*alliteration*).

Roimh dhul ag obair le haghaidh na Suirbhéireachta Ordanáis chuir Ó Donnabháin mórán cáipéisí stairiúla in eagar le haghaidh foilsitheoireachta agus bhí a chuid oibre mar cheannródaí (*pioneer*) sa réimse (*field*) seo an-tábhachtach dá shaothar sa Rannóg Topagrafaíochta. Nuair a dhún an Rannóg Topagrafaíochta sa bhlain 1841 lean sé leis an obair eagarthóireachta. Bhí a mhóreagrán *Annála na gCeithre Máistrí*, *Annals of the four Masters*, ar an gceann ba thábhachtaí dá chuid saothar anseo.



## IMBOLC AGUS NAOMH BRÍD

Deirdre Ní Mhuineacháin

Shroich fiagaithe cnuasaitheoirí ([hunter gatherers](#)) na Clochaoise Éire timpeall 9,000 bliain ó shin. Tháinig na feirmeoirí Neoiliteacha i dtír idir 4,500 RC agus 2500 RC. Thug siad a gcaoirigh, a mba, agus a ngabhair féin leo mar ba iad na toirc/muca an t-aon ainmhí feirme a bhí sa tír rompu. Thóg siad leo freisin cruithneacht ([wheat](#)) agus eorna ([barley](#)). Bhunaigh siad feirmeacha timpeallaithe le ballaí teorann ([boundary](#)) tógtha le clocha. Tá iarsmaí na mballaí sin le feiceáil na laethanta seo in Achaidh Chéide i bportaigh Chontae Mhaigh Eo.

D'adhlaic ([buried](#)) na daoine sin a marbh, uaireanta faoi urláir a dtithe. Tháinig na seandálaithe ar mhaisc marbh freisin. Ní ba dhéanaí thóg siad cairn chúirte ([court cairns](#)), dolmainí ursanacha ([portal dolmens](#)), tuamaí pasáiste ([passage graves](#)) agus tuamaí dingeacha ([wedge tombs](#)). Is é Sí an Bhrú ([Newgrange](#)) an tuama pasáiste is cáiliúla dóibh. Ceaptar gurbh iad na cairn chúirte na chéad séipéil, suímh do thionóil reiligiúnacha. Toisc gurbh fheirmeoirí iad na Neoilitigh bhí orthu an t-eolas a bheith acu cén t-am ba cheart na síolta a chur agus an fómhar a bhaint. Mar sin chruthaigh siad an chéad fhéilire ([calendar](#)), féilire na gealaí ([lunar](#)). Bhí go leor gnásaíochtaí ([rites](#)) ag na daoine sin do bharr ([crops](#)) agus don aimsir.

Bhí déithe ag na Neoilitigh. Ba í Danu, máthairdhia an Domhain, máthair na ndéithe eile agus bandia torthúlachta ([fertility](#)) agus timthriall beatha ([Cycle of life](#)), an ceann ba thábhachtaí. Ainmníodh na Tuatha Dé Danann, pobal Danu, uaithi. Phós Danu Lugh, dia gréine, teasa, uisce agus solais. Bhí an bheirt le chéile freagracht as marthanas ([survival](#)) an chine dhaonna trí chinntiú go bhfásfadh na barra chun go mbeadh bia ann i rith na bliana go léir.

**Imbolc:** Tagann an focal ón sean-Ghaeilge, b'fhéidir ó "oimelc/ewe's milk" ná ó "i mo bholg", ag tagairt do thús na lacht-tréimhse ([lactation](#)) sna caoirigh nó do na huain i mbroinnte na gcaorach ar tí breithe. Bhí Imbolc ina shiombail do bhreith nó athmhúscailt an Domhain, do thosú an Earraigh agus don fhás. Is lá trascheathrún ([cross quarter day](#)) i Imbolc, lárphointe idir Grianstad an Gheimhridh ([Winter solstice](#)) agus Cónocht an Earraigh ([Spring equinox](#)). Ar bhonn na réalteolaíochta de titeann sé idir an 2ú agus an 7ú lá de mhí na Feabhra. Nuair a éiríonn an ghrian ag Imbolc soilsíonn sí tuama colrach ([passage grave chamber](#)) i nDumha na nGiall ([Mound of the Hostages](#)) i gCnoc na Teamhrach.



**Naomh Bríd:** Deirtear go raibh bandia darbh ainm Brigid ag na Neoilitigh, ball de Na Tuatha Dé Danann. B'Imbolc a lá féile. Bhí baint aici leis an Earrach, le fás, le filíocht, le ceird an ghabha, le tine, le leigheas agus le breith. Nuair a tháinig an Chríostíocht go hÉirinn sa 5ú hAois tugadh a lán de bhuanna ([gifts](#)) an bhandé do Naomh Bríd ó Chill Dara. Scríobh Gearóid na Breataine Bige sa 12ú hAois Déag gur choimeád



mná rialta i gCill Dara tine ar lasadh ar feadh 500 bhliain (agus ní raibh aon luaith ([ash](#)) ón tine seo) in onóir Bhríde. Bhí cinniúint ([fate](#)) uafásach i ndán d'aon fhear a thrasnódh teorainneacha ([boundaries](#)) na tine sin. Tá baint ag Naomh Bríd freisin lena lán áiteanna naofa agus le toibreacha leighis. Tá an lá fhéile chéanna ag Naomh Bríd agus ag Danu. Rinneadh mná óga bábóga tuí ([corn dollies](#)), brídeoga, ar fhéile Bríde (Lá na brídeoige). Dúradh gur shiúil Bríd ar an domhan oíche ([eve](#)) a féile, oíche Imbolc. Fágadh éadaí agus giobail ([rags](#)) taobh amuigh chun go mbeannódh sí iad. Bhí siad ina n-éadaí leighis ansin. Cóiríodh leapacha ar eagla go mbeadh sí ag lorg scíthe ([rest](#)). Déantar Crois Bhríde fós as luachair ([rushes](#)) agus crochtar iad sa teach chun muintir an tí a chosaint ó thine agus ó aon olc i rith na bliana. Tugtar cuairteanna ar na toibreacha naofa fós.




Tá Imbolc á ceiliúradh ag na Gael ar feadh 9,000 míle bliain. Is cuid d'inn an fhéile sin.

## NA NÉANDARTÁLAIGH - II

Seán Ó Fearghail

**Cultúr**

Is léir ón tochailt agus ón taighde atá déanta go dtí seo gur thug na Néandartálaigh aire do dhaoine tinne, gur chuiridís na marbh agus gur mhaisidís (**decorated**) a gcorp le bláthanna. Ceaptar freisin gur chreid siad i mbeatha tar éis báis. Deirtear go raibh uirlisí ceoil acu mar shampla fliúit déanta de chnámh béir dhoinn. In El Castillo in Cantabria tá an



phéintéireacht uaimhe is sine san Eoraip, agus b'fhéidir ar dhomhain, le feiceáil. Rinneadh í 40,800 bliain ó shin, agus ceapann cuid de na saineolaithe gur ealaín Néandartálach í.

**Urlabhra (speech)**

Bhí an leagan céanna den ghéin FOXP2 acu is atá againne. Tugtar an **speech gene** ar an ngéin sin go minic, toisc go mbíonn fadhbanna cainte ag daoine a mbíonn sóchán (**mutation**) acu ann. Dá bharr sin glactar leis go raibh caint agus an tuiscint chéanna cainte acu is atá againne. Thángthas ar chnámh hióideach (**hyoid bone**) ó Néandartálach i bpluais (**cave**) in Iosrael agus bhí na heolaithe in ann an t-éasafagas a athchruthú (**reconstruct**). Bhí an spás idir

an teanga (**tongue**) agus an scornach (**throat**) níos lú ná atá sé againne agus ciallaíonn seo gur labhair siad le guth géar (**high-pitched**) srónach. Nach mbeadh sé suimiúil bheith in ann dul ar ais agus na teangacha a bhíodh á labhairt acu a chloisteáil?

**Eolaíocht (science)**

Bhí easpa (**abscess**) fiacla ag cnámharlach Néandartálach amháin a thángthas air in El Sidrón sa Spáinn. Bhain sé le tréimhse idir 47,300 agus 50,600 bliain ó shin – é ionfhabhtaithe (**infected**) agus an-phianmhar. Sa phlaic ar na fiacla tá rian de choirt poibleoige (**poplar bark**), a bhfuil aspairín ann, agus den fhungas *Penicillium* (a tairgeann peinicillin) – chun an phian agus an t-ionfhabhtú a laghdú is dócha. Cuimhnigh ar an eolas a bhí acu chomh fada siar sin, agus a bhí cailte againn go dtí céad bliain ó shin!

Ar an drochuair, gach fiche nó tríocha míle bliain le linn na hOighearaoise scriosadh oighir agus oighearshruthanna (**glaciers**) an chuid is mó de na hiarsmaí (**remains**) agus de na huirlisí (agus den chultúr freisin) a bhain leis na Néandartálaigh. Is é an fáth go bhfuil an méid sin fós le fáil sa Spáinn ná nach raibh an Oighearaois chomh crua ansin.

**Díothú (extinction)**

Cé go raibh na Néandartálaigh an-chosúil linne, tá sé aisteach nár thángthas ar aon suíomh riamh ina bhfuil iarsmaí ón dá “threibh” measctha le chéile. Cad a tharla dóibh?

B'fhéidir go bhfuair siad bás de bharr athrú aeráide, nó de bharr iomaíochta le *H. sapiens*. Nó b'fhéidir nach raibh frithsheasmhacht (**resistance**) acu ar na galair a thug *H. sapiens* leo ón Afraic - cosúil leis na Meiriceánaigh dhúchasacha sa 16ú haois nuair a rinne siad chéad teagmháil le hEorpaigh. Ar an taobh eile, b'fhéidir gur lean siad ag trasiolrú le *Homo sapiens* go dtí is go raibh siad go huile is go hiomlán tógtha isteach orainn. Tá líon na saineolaithe a cheapann nár imigh siad i léig ar chor ar bith ag méadú in aghaidh na bliana, agus a cheapann go bhfuil siad fós beo ach iad istigh i ngach aon duine againn anois.





## “AN UAIR IS DORCHA “

Elizabeth Mawson

Bhí an scannán seo, *“Darkest Hour”* le feiceáil le déanaí. Dráma polaitiúil cogáíochta is ea é ón stiúrthóir Joe Wright agus scríofa ag Anthony Mc Carten. Is mór an trua nach raibh sé ar na scáileáin roimh an scannán *“Dunkirk”* a eisíodh (released) i dtús 2017 mar cuireann sé síos ar an obair chrua mhionsonraithe (detailed) a rinneadh chun an olloibríocht chabhlaigh (huge naval operation) a chur le chéile chun na saighdiúirí Briotanacha a thabhairt abhaile ó thránna Dunkerque. B’fhéidir go dtuigfimis i bhfad níos fearr ansin conas ar éirigh chomh maith leis *“An tAslonnú Mór/The Great Evacuation”*.

Ar an gcéad lá de Mheán Fómhair 1939, thosaigh Cogadh Domhanda a Dó nuair a rinne Arm Adolph Hitler ionradh (invaded) ar an bPolainn. Taobh istigh de naoi mí bhí an lámh in uachtar ag Hitler sa Chogadh. Tosaíonn an scannán i mBealtaine 1940. Iarann Páirtí an Lucht Oibre ar Phríomh-aire na Breataine, Neville Chamberlain, éirí as (resign). Ba mhaith leis An Tiarna Halifax bheith mar chomharba (successor) ach níl seisean réidh glacadh leis an bpost fós. Is é Winston Churchill an t-aon duine eile a ghlacfaidh na Páirtithe éagsúla leis. Díríonn (concentrates) an scannán ar an tréimhse sin agus ar conas a tháinig Churchill i gcumhacht mar Phríomh-Aire. Bhí sé in ann Rialtas a chur le chéile mar nach raibh aon pholaiteoir eile cosúil leis ná chomh maith leis. Chaith sé na tríochaidí ag iarraidh a thír a chur ar a faichill (warn) ar an Ghearmáin Naitsíoch agus á gríosú atharmáil (rearmament) a dhéanamh. B’fhear láidir é agus gan aon eagla air roimh Hitler ná roimh dhuine ar bith eile.



Sa scannán seo, taispeántar freisin, nach raibh a chomhoibrithe go léir ar aon intinn leis. Cheap cuid acu go mba chóir don Bhreatain síocháin a dhéanamh le Hitler le cabhair ó Benito Mussolini. Ní raibh Churchill sásta géilleadh (surrender). Dhiúltaigh sé glacadh le díomua (defeat) agus lean sé ar aghaidh leis an troid. Ní raibh aon mheas aige ar Hitler ná aon mhúinín (confidence) aige as a ghealltanais (promises).

Más maith libh stair, mholfainn an scannán seo go hard daoibh mar is scéal fíor é den chuid is mó agus scéal an-cháiliúil freisin. Is scannán an-mhaith é a mhaireann (runs) 125 nóiméad. Is é mo thuairim, áfach, go bhfuil sé beagán mall sa chéad tríocha nóiméad ach, ina dhiaidh sin, tá luas (pace) an scannáin níos fearr agus tuigeann tú an ollscéal stairiúil atá á nochtadh (revealed). Déanann Gary Oldman páirt (plays) Winston Churchill agus nuair a fheiceann tú é chreidfeá gurbh é an fear féin atá os do chomhair. Tá a chuid aisteoireachta nádúrtha amach is amach. Tá a ainmniúchán (nomination) don Aisteoir is Fearr do Ghradam Oscar an Márta seo tuillte aige (deserved).

Táimid faoi chomaoin (indebted) na Breataine as a troid in aghaidh na Naitsithe. Bhí Éireannaigh ag troid san arm leo. Gan a seasamh daingean (firm stand) b’fhéidir go mbeimis ag caint i nGearmáinis anois agus ag rá *“Heil Hitler”* in ionad *“Dia duit”*! Ba chóir dúinn bheith an-bhuíoch díobh.






# CROSFHOCAL BÉARLA-GAEILGE XBG-31

TRASNA

sÍOS



1	pride (6)
5	glass (6)
9	bush (3)
11	city (7)
12	home (7)
13	donkey (4)
14	playboy (5)
16	cliff (4)
18	bent (3)
20	notice (6)
22	immensity (6)
24	speak (7)
25	muse (2)
27	evil (3)
28	sugar (6)
31	light (3)
33	love (3)
35	hardship (4)
36	gully (5)
37	complexion (3)
40	contentment (7)
41	escape (7)
42	russet (3)
43	fords (7)
44	Wrinkled (7)

2	hotel (7)
3	rope (4)
4	stripe (6)
5	esteem (6)
6	eight (4)
7	shame (7)
8	squash (6)
10	ground (6)
15	battery (7)
17	wall (5)
19	dry (5)
21	sack (3)
22	convenience (3)
23	centre (3)
25	taste (5)
26	bird (3)
29	amalgamate (7)
30	out (5)
32	reach (6)
33	vegetable (6)
34	attic (5)
38	roof (4)
39	take (4)



## CUARDACH FOCAL 31

### éadaí 1 / clothes 1

J	E	T	H	C	A	C	B	E	R	F	L	I	C	H
I	Í	N	A	G	A	E	D	R	I	A	C	N	T	O
R	S	A	Ú	L	B	R	I	S	Í	N	Í	I	R	A
A	N	Ú	T	G	A	S	V	Í	A	S	N	A	E	G
R	I	T	E	Ó	G	A	I	E	H	C	T	C	B	S
D	G	Ú	N	A	H	T	E	R	I	I	N	Í	H	C
H	T	I	A	L	U	C	S	T	B	S	I	O	N	C
C	A	B	D	N	T	H	T	L	Ú	S	T	C	B	Í
A	A	G	R	O	I	N	É	S	A	I	T	H	L	I
T	T	Ú	N	Í	R	A	E	S	Á	E	L	B	É	S
R	R	N	R	J	S	N	O	Í	J	B	T	H	A	I
O	O	Á	S	A	Í	T	G	L	É	I	N	E	S	O
Í	I	I	R	Ú	S	O	E	G	E	A	N	A	É	L
C	C	A	R	D	L	A	G	O	E	T	I	R	A	U
S	S	H	L	H	C	B	N	N	O	I	S	T	R	C

				
bástchóta (waistcoat)	drár (long johns)	bléasar (blazer)	geansaí (pullover)	blús (blouse)
bríste (trouser)	jíons (jeans)	brístíní (panties)	léine (shirt)	cairdeagan (cardigan)
cíochbheart (brassiere)	sciorta (skirt)	culaith (suit)	veist (vest)	





**AN IONRADH DEARMADTA**

*Pádraig Mac Éil*

Bhí an Íoslainn (Iceland) neodrach cosúil le hÉirinn ag tús an Dara Chogadh Domhanda. In Aibreán 1940 d’ionsaigh na Gearmánaigh An Iorua (Norway) agus An Danmhairg, dhá thír neodrach eile. D’fhógair (declared) an *Alþingi*, (Dáil na hÍoslainne) go raibh Rí na Danmhairge gan chumhacht ansin agus go raibh siad ag glacadh seilbhe ar gcúraimí uile a dtíre iad féin. D’éirigh Winston Churchill, a bhí i gceannas na Aimiréalachta sa Bhreatain ag an am, buartha faoin Íoslainn. D’iarr na Briotanaigh ar Rialtas na hÍoslainne taobhú leo sa troid mar chomhghuaillí (ally) i gcoinne na Gearmáine ach dhiúltaigh siad mar bhí fonn orthu fanacht neodrach. Maidin 10 Bealtaine 1940 faoin códainm “*Oibríocht Forc/Operation Fork*” d’ionsaigh na Briotanaigh an t-oileán agus chuaigh 746 Mhuirshaighdiúirí Ríoga i dtír i Reykjavik. Níor cuireadh ina choinne mar ní raibh Arm ag an oileán agus ba ghearr go raibh an chathair agus an t-oileán iomlán i seilbh na Breataine. Ghabh siad saoránaigh Ghearmánacha agus cáipéisí ó Ambasáid na Gearmáine agus thóg ar ais don Bhreatain iad. Rinne Rialtas na hÍoslainne gearán oifigiúil ag rá gur “sháraigh an Bhreatain a gCeannas agus a Neamhspleáchas go scannalach (flagrantly violated their sovereignty and independence) ach d’iarr siad ar a saoránaigh caitheamh leis (treat) an fórsa forghabhála (occupying) mar aíonna. Dúirt na Briotánaigh go n-íocfadh siad as gach a bhris siad agus go bhfágfadh siad chomh luath agus a chríochnódh an cogadh. Thóg saighdiúirí Canadacha ionad na mBriotanach ó 17 Bealtaine ar aghaidh. Fógraíodh an Íoslainn mar Phoblacht i Meitheamh 1941 ach fós mar tír neodrach. Ansin, in Iúil 1941 ghlac Stáit Aontaithe Mheiriceá, a bhí neodrach ag an am, dualgais cosainte an oileáin ar iarratas an *Alþingi* agus sheol siad 40,000 saighdiúir chuig an oileán. Thóg na saighdiúirí éagsúla bóithre, oispidéil, calafoirt, aerfoirt agus foirgnimh timpeall na tíre agus bhí borradh in eacnamaíocht na hÍoslainne Thug cuid de na dúchasaigh *blessað stríðið (an cogadh breá)*” ar an fhorghabháil (occupation) nó an *Ástandið (An Cás)*. Ní maraíodh aon duine san ionradh ach, i ndeireadh na dála, ba shampla eile é de tír mhór ag déanamh neamhairde ar cearta tíre bige. An raibh sé morálta, dleathach nó ceart? Cad a cheapann sibh?



**CROSFHOCAL BG XBG-30: RÉITEACH**

1	C	2	O	I	3	C	Í	4	S	5	A	I	6	G	É	7	A	N	
8	S		L		U		9	C	Ú	L		A		I		16	C		
11	C	Ú	L	T	A	C	A		12	M	A	C	Á	N	T	A			
	R		Ú		R		O		Ó		H		E		I				
23	I	N	N	É		24	É	I	15	G	I	N		16	P	O	L	L	
	O		T		17	A		18	L	Á	R		19	C		I		Í	
20	S	21	N	A	O	I	22	S		I		23	I	O	M	L	24	Á	N
	U				25	S	I	L	T	E	A	N				P			
26	M	A	27	I	D	I	N		É		28	D	A	L	29	T	A	30	S
	E		N		G		31	T	A	32	R		S		O		C		
33	A	O	I	S		34	T	I	R	I	M		35	B	R	E	Á		
	L		N		36	T		O		O		37	A		R		I		
38	L	A	S	C	A	I	M		39	B	A	C	H	A	L	L			
			T		I		40	S	E	Ó		R		C					
41	B	R	E	I	S	I	Ú		42	S	E	A	C	H	T				

**CUARDACH FOCAL 30: RÉITEACH**

M	A	L	A	M	Ú	T	A	C	H	M	A	E	L	Í
H	N	Ó	R	A	S	Ó	B	C	A	E	S	E	A	A
B	Ó	F	É	I	L	E	A	C	R	Á	O	R	D	C
B	A	É	R	O	É	N	L	I	A	I	H	H	Ú	A
O	R	I	B	I	A	L	S	M	N	H	C	C	H	E
R	N	L	S	H	A	R	H	B	A	A	A	A	P	S
D	A	E	M	É	I	N	E	D	L	Ú	T	N	S	M
A	D	A	N	U	I	A	A	I	C	R	M	A	H	
I	E	C	L	É	R	N	É	D	Á	A	E	E	A	
L	R	Á	S	G	A	S	S	I	R	E	V	L	M	D
E	I	N	E	R	I	S	A	E	L	S	A	T	Ó	R
A	S	A	L	Ú	C	A	Í	L	A	S	F	O	Ó	A
C	C	C	R	Ó	T	V	L	É	R	C	Ó	S	E	R
H	C	H	C	N	I	É	S	T	I	A	H	B	O	L

**SEANFHOCAL**

Ní troimide an ceann an t-eolas


Na huimhreacha ceartaithe anseo, Ní raibh aon focail do 35!




## AN SPÁINNIS i MEICSICEO

Seán Ó Fearghail

Cén fáth a bhfuil an Spáinnis á labhairt i Meicsiceo? Sa bhliain 1523 d'éirigh le Hernán Cortés, 600 Spáinneach agus na cathracha mórtimpeall ar Tenochtitlan (Cathair Mheicsiceo) mar chomhghuaillithe aige, an ceann is fearr a fháil ar Impireacht na nAstacach (**Aztecs**). Tar éis bhriseadh na nAstacach lean na cathracha sin ar aghaidh mar mhórchumhachtaí a raibh teangacha éagsúla á labhairt iontu, agus mhair an chuid is mó de mhuintir Chathair Mheicsiceo freisin. Meastar go raibh daonra Mheicsiceo idir 15 agus 30 milliún duine ag an am. Mar sin, conas ab fhéidir le cúpla céad eachtrannach a dteanga a chur chun cinn i réigiún chomh mór sin – agus i Meiriceá Theas chomh maith. Bhí an ghabháil (**conquest**) foréigneach go leor ach níor mharaigh na Spáinnigh ach céatadán an-bheag den daonra.



Níor thosaigh muintir Shasana ag labhairt na Fraincise tar éis theacht na Normannach i 1066. Níor athraigh muintir na hÉireann a dteanga nuair a tháinig cúpla míle Normannach i 1169. Mar an gcéanna níor aistrigh daoine in India go Béarla nuair a fuair Robert Clive agus **The East India Company** an lámh in uachtar orthu i 1744. I bhformhór na hAfraice labhraítear na teangacha dúchasacha go fóill, in ainneoin an talamh agus a háitritheoirí a bheith tógtha isteach in Impireacht na Breataine nó na Fraince. Mar sin, cén fáth ar aistrigh Meicsiceo go Spáinnis roimh bhliain 1600?



Lámhscríbhinn Astacach

Tá an freagra le fáil sna galair a thug na Spáinnigh leo. I 1545 mharaigh ráig (**outbreak**) *Salmonella enterica*, nó *cocolitzi* i Nachuáitlis (**Nahuatl**), thart ar 80% na muintire dúchais, agus i 1576 mharaigh ráig eile 50% díobh siúd a bhí fós beo, ionas nach raibh ach 2 mhilliún acu fágtha faoi 1600. Ba ghalar coitianta san Eoraip é agus bhí na Spáinnigh imdhíonach (**immune**) air, murab ionann is na hIndiaigh. Chreid na hAstacaigh, agus na Spáinnigh leo, gur tháinig an galar mar phionós ó Dhia toisc gur “phágánaigh” iad. Chaill siad gach muinín a bhí acu as a gcultúir, as a reiligiúin agus as a dteangacha féin, thréigh siad iad chomh tapa agus ab fhéidir, agus súdh isteach i saol na Spáinneach iad. Thug na Spáinnigh galair eile leo, ionas go meastar gur chaill tíortha eile m.sh. Peiriú, 95% a ndaonra, nó níos mó fiú.

Smaoinigh ar Éirinn anois. Mhair an Ghaeilge mar theanga dhúchasach láidir, faoi bhrú ar ndóigh, go 1840, agus 3-4 mhilliún cainteoir aici. Ach maraíodh nó díshealbháíodh líon díréireach (**disproportionate**) Gaeilgeoirí i rith an Ghorta Mhóir. Díreach mar a tharla i Meicsiceo, chaill na daoine a bhí fós beo i ndiaidh na tubaiste gach muinín a bhí acu as a gcultúr agus as a dteanga féin, rinne siad ceangal idir an Ghaeilge agus an bás agus bochtaineacht. Sular imigh dhá ghlúin thart d'aistrigh na daoine don Bhéarla, rud atá uathúil (**unique**) i stair na hEorpa. Ón tubaiste chéanna a d'eascair an náire agus na mothúcháin dhiúltacha atá ag formhór mhuintir na hÉireann faoin teanga.

Ceist bheag: Dá dtabharfadh na Spáinnigh galair ar ais leo a mhairfeadh 90%-95% dhaonra na hEorpa agus na hÁise, ach a raibh na hAstacaigh imdhíonach air, an mbeadh an t-alt seo á scríobh agam i Nachuáitlis?

Palabras en Nahuatl			
apan, río, abhainn	chilli, chile, sillí	e'ekatl, viento, gaoth	kallí, casa, teach
kapilli, mitra, bairrín	metl, magney, magua	pantli, bandera, bratach	petlatl, estero, inbhear
teotl, sagrado, naofa	tepetl, cerro, cnoc	tlalli, tierra, talamh	tlantli, diente, fiacail
tletl, fuego, tine	tototl, pájaro, éan	tsintli, trasero, tóin/cúl	yolotl, corazón, croí
FOCAIL I NACHUÁITLIS			